## Aguisín 4 Seicliosta le haghaidh athbhreithniú bliantúil ar an mbeartas fhrithbhulaíochta agus ar a fheidhmiú

Ní mór don Bhord Bainistíochta (an Bord) athbhreithniú bliantúil a dhéanamh ar bheartas frithbhulaíochta na scoile agus ar an tslí ina gcuirtear chun feidhme é. Ní mór an seicliosta seo a leanas a úsáid san athbhreithniú. Áis is ea an seicliosta d'athbhreithniú an bheartais ach ní seicliosta uileghabhálach é. Ní mór na rudaí seo a leanas a chur i gcrích chun an seicliosta a chomhlánú: scrúdú agus athbhreithniú ar anailís chainníochtúil agus ar anailís cháilíochtúil ar eilimintí éagsúla d'fheidhmiú bheartas frithbhulaíochta na scoile.

| | Tá/ Níl |
|---|---|
| An bhfuil beartas frithbhulaíochta a ghéilleann go hiomlán do riachtanais *Ghnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile* glactha ag an mBord go foirmiúil? | Tá |
| An bhfuil an beartas foilsithe ar shuíomh Gréasáin na scoile agus cóip curtha ar fáil do chumann na dtuismitheoirí? | Tá |
| An bhfuil sásta go bhfuil go bhfuil an beartas ar fáil d'fhoireann na scoile (agus foireann nua san áireamh)? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an mbeartas agus ar na gnásanna ag foireann na scoile chun iad a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus go comhsheasmhach ina gcuid oibre laethúla? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil dóthain eolais ar an mbeartas ag na daltaí? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta gur doiciméadaíodh sa bheartas na straitéisí coiscthe agus oideachais a bheidh i bhfeidhm sa scoil? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta gur cuireadh gach straitéis coiscthe agus oideachais chun feidhme? | Tá |
| Ar scrúdaíodh a éifeachtaí atá na straitéisí coiscthe agus oideachais atá curtha chun feidhme? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuil na múinteoirí ar fad ag taifeadadh agus ag déileáil le teagmhais bhulaíochta de réir an bheartais? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta go bhfuair an Bord na tuairiscí achoimre tréimhsiúla ón bPríomhoide agus ar glacadh miontuairiscí maidir leo? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta gur pléadh a fheabhas atá an scoil ag láimhsiú tuairiscí bulaíochta lena n-áirítear teagmhais bhulaíochta ar déileáladh leo ag céim luath agus nach bhfuil ar áireamh, mar sin, i dtuairisc thréimhsiúil an Phríomhoide? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta nach bhfuarthas aon ghearán ó thuismitheoirí maidir leis an tslí ina láimhsíonn an scoil teagmhais bhulaíochta? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta nár thóg tuismitheoir ar bith a páiste amach as an scoil á rá go raibh siad míshásta leis an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta nach ndearna Ombudsman na Leanaí imscrúdú ar an tslí inar láimhsigh an scoil cás bulaíochta a thionscain nó a thabhairt chun críche? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta go ndearnadh anailís ar na sonraí a fuarthas ó chásanna a tuairiscíodh don Phríomhoide (leis an teimpléad taifeadta bulaíochta) chun aon cheisteanna, treochtaí nó patrúin in iompar bulaíochta a shainaithint? | Tá |
| An bhfuil an Bord sásta nár aithníodh aon ghnéithe de bheartas na scoile agus/nó a fheidhmiú a dteastaíonn feabhsú breise orthu? | Tá |
| An bhfuil plean gníomhaíochta i bhfeidhm ag an mBord chun díriú ar aon réimse ina dteastaíonn feabhsú? | N.A. |

Síniú [signature]    Dáta 8/2/22
Cathaoirleach, an Bord Bainistíochta

Síniú [signature]    Dáta 8/2/22
Príomhoide